Buiséad 2017: Ceisteanna & Freagraí ar an Scéim Cúram Leanaí Inacmhainne

1. Céard é an Scéim Cúram Leanaí Inacmhainne?

Is scéim nua náisiúnta é seo a chuirfidh tacaíochtaí airgid ar fáil do thuismitheoirí chun cabhrú leo lena gcostais cúram leanaí. Tiocfaidh sé in áit na scéimeanna fóirdheontais cúram leanaí spriocdhírithe atá ann faoi láthair le scéim shingil atá níos simplí agus níos éasca le n-úsáid.

Cuirfidh an scéim nua córas ar fáil inár féidir fóirdheontais, idir uilíoch agus spriocdhírithe, a sholáthar i dtreo costas cúram leanaí. I gcás fóirdheontais spriocdhírithe, íocfar iad seo do pháistí ó 6 mhí d'aois suas go 15 bliain d'aois. Braithfidh an leibhéal fóirdheontais ar an infheistíocht atá ar fáil agus ar ioncam an teaghlaigh (féach ceist 6 thíos maidir le Buiséad 2017).

Cuirfidh Buiséad 2017 fóirdheontas uilíoch ar fáil do pháistí idir na haoiseanna 6 agus 36 mí (nó go gcáilíonn an páiste don chlár luathoideachais saor in aisce más níos déanaí) atá ag freastal ar sheirbhís cúram leanaí atá cláraithe le Tusla. Ní dhéanfar tástáil acmhainne ar an bhfóirdheontas uilíoch agus beidh sé ar fáil do theaghlaigh ar gach leibhéal ioncaim.

Cruthóidh an scéim seo ardán solúbtha d'infheistíocht amach anseo i dtacaíochtaí maoinithe cúram leanaí, ag tabhairt deis fóirdheontais a leathnú amach do níos mó páistí agus teaghlaigh amach anseo.

2. Cé mhéad maoiniú cúram leanaí a chuirfidh an scéim seo ar fáil nuair atá sé forbartha?

Tá maoiniú breise de €19m breise ceadaithe i mBuiséad 2017 chun an scéim seo a chur i bhfeidhm. Cuirfear é seo leis an maoiniú do na scéimeanna spriocdhírithe atá ann faoi láthair chun an buiséad foriomlán don scéim a thabhairt. Beidh an scéim ar fáil ó Mheán Fhómhair 2017.

3. Cén uair a thosóidh an scéim nua?

Tá sé i gceist an scéim nua a bheith ar fáil ó Mheán Fhómhair 2017.

4. Cé na scéimeanna atá ann cheana a dtiocfaidh an scéim seo ina n-áit?

Tiocfaidh an scéim seo in áit cheithre scéim spriocdhírithe cúram leanaí:

- An Fóirdheontas Cúram Leanaí sa Phobal (CCS agus CCSP)
- An Clár Tacaíochtaí Traenála agus Fostaíochta i gCúram Leanaí (CETS)
- An Scéim Cúram Leanaí Iarscoile (ASCC)
- An Clár Fostaíocht Pobail um Chúram Leanaí (CEC)

5. An dtiocfaidh an scéim seo in áit an scéim luathoideachais saor in aisce (ECCE) freisin?

Ní thiocfaidh. Fanfaidh an scéim ECCE mar atá. Tá sé i gceist an scéim nua a bheith mar chúram breise do pháistí réamhscoile agus páistí aois scoile. Mar sin, don chéad uair, beidh páiste atá sa scéim ECCE in ann leas a bhaint as fóirdheontas ar mhaithe le cúram leanaí breise.

6. Cén chaoi a mbeadh fhios agam an gcáilím don scéim agus cén leibhéal fóirdheontais a bheadh ar fáil dom?

Ó Mheán Fómhair 2017, beidh an ghné uilíoch den scéim ar fáil do gach teaghlach le páistí idir 6 mhí agus 36 mí (nó go gcáilíonn na páistí don scéim luathoideachais saor in aisce más níos déanaí ná 36 mí), atá ag freastal ar sheirbhís cúram leanaí cláraithe (féach ceist 12 thíos maidir le heolas ar sheirbhísí cúram leanaí cláraithe).

Beidh an incháilíocht do na fóirdheontais cúram leanaí spriocdhírithe bunaithe ar ioncam **glan** na dtuismitheoirí. Do thuismitheoirí le **glan** ioncam suas go €22,700 sa bhliain, íocfar an t-uasráta fóirdheontais cúram leanaí (féach uasrátaí fóirdheontais i dtábla 1 thíos).

Beidh ráta an fhóirdheontais ag laghdú de réir mar a bhíonn an glan ioncam ag méadú, agus ní íocfar aon fhóirdheontas atá tástáilte de réir acmhainne nuair a shroicheann an **glan** ioncam €47,500. Ardaíonn an tairseach ioncaim má tá níos mó ná páiste amháin sa teaghlach, má tá teaghlach le dhá pháiste faoi 15 bliain d'aois beidh uasmhéid de thairseach **glan** ioncaim de €51,300 acu agus do theaghlach le trí pháiste faoi 15 beidh uasmhéid de thairseach **glan** ioncaim do €55,100 acu.

Braitheann an t-uasmhéid fóirdheontais san uair ar aois an pháiste agus glan ioncam na dtuismitheoirí ach beidh sé ó €5.38 do pháiste faoi 12 mí go €3.96 do pháiste aois scoile.

Tábla 1: Uasmhéid Rátaí Fóirdheontais in aghaidh na hUaire	
Uair-ráta do pháiste faoi 1 bliain	€5.38
Uair-ráta do pháiste 1-2 bliain d'aois	€4.60
Uair-ráta do pháiste 2-3 bliana d'aois	€4.40
Uair-ráta do pháiste 3-5 bliana d'aois	€4.16
Uair-ráta do pháistí aois scoile	€3.96
Meán chomh-íocaíocht san uair do thuismitheoirí bunaithe ar an uasráta fóirdheontais	€0.30 san uair nó €12 sa tseachtain bunaithe ar 40 uair sa tseachtain

7. Céard a chiallaíonn na tairseacha ioncaim glan i dtéarmaí ollioncam?

Is féidir leis na tairseacha glan ioncaim aistriú isteach i dtairseacha ollioncaim dhifriúla ag brath ar chúinsí gach teaghlach, a ndliteanas cánach, creidmheasanna srl. Mar shampla, d'fhéadfadh teaghlach dhá dhuine fásta agus dhá ghasúr a bhfuil glan ioncam de €51,300 (sin an uasthairseach ioncaim do theaghlach le dhá ghasúr) ollioncam de €70,000 a bheith acu. Tá roinnt samplaí tugtha thíos.

Bosca 1 : Samplaí de fhóirdheontais ag leibhéil éagsúla ollioncam:

Teaghlach le dhá ghasúr, 2 agus 4 bliana d'aois. Teastaíonn cúram leanaí lán-aimseartha ón ngasúr 2 bhliain (40 uair sa tseachtain). Tá an gasúr 4 bliana sa scéim luathoideachais ECCE, ach teastaíonn cúram breise 25 uair sa tseachtain breise uaidh. Déanann an teaghlach ranníocaíocht pinsin cothrom le 10% dá n-ollioncam.

Ollioncam teaghlach	**Glan ioncam teaghlach**	**Táille cúram leanaí seachtainiúil (samplach)**	**Fóirdheontas sa tseachtain faoin Scéim Cúram Leanaí Inacmhainne**	**Comh-íocaíocht tuismitheoirí sa tseachtain (sampla bunaithe ar an táille samplach)**
€20,000	€18,000	€267	€259	€8
€30,000	€26,580	€267	€259	€8
€40,000	€33,697	€267	€205	€62
€50,000	€39,264	€267	€146	€121
€60,000	€45,514	€267	€81	€186
€70,000	€51,764	€267	€20	€247
€80,000	€57,134	€267	€20	€247

8. Cé mhéad a bheidh le n-íoc ag tuismitheoirí?

Is iad na seirbhísí cúram leanaí a leagan amach na táillí cúram leanaí. Cuirfidh an Scéim Cúram Leanaí Inacmhainne fóirdheontas ar fáil i dtreo an táille a bhaineann an tseirbhís amach, ach beidh an méid a bheidh le n-íoc ag na tuismitheoirí ag braith ar pholasaí táillí na seirbhíse féin. Braithfidh an méid fóirdheontais a chuirfidh an scéim ar fáil ar leibhéal ioncaim an teaghlaigh. Ag an mbun leibhéal den scála ioncaim íocfaidh tuismitheoirí suim an-bheag i dtreo a gcostais cúram leanaí agus de réir mar a bhíonn an t-ioncam ag ardú suas go dtí an barr an scála beidh an íocaíocht a bheidh le déanamh ag tuismitheoirí ag ardú.

9. An mbeidh leas na scéime do thuismitheoirí glanta amach ag seirbhísí cúram leanaí ag ardú a gcuid táillí?

Tá an scéim seo ann chun tacú le tuismitheoirí costais cúram leanaí a íoc. Socraíonn seirbhísí cúram leanaí a gcuid táillí féin, agus níl aon phlean ag an Rialtas faoi láthair aon smacht a chur ar na táillí seo, mar go gcuirfeadh sé seo isteach go mór ar an margadh agus d'fhéadfadh sé, mura mbeadh sé bainistithe go cúramach agus go cuí, rioscaí a chothú maidir le h-inmharthanacht agus caighdeán an tsoláthair cúram leanaí. Tá sé san áireamh i gClár an Rialtais athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar chostais. Déanfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maoirsiú ar an athbhreithniú seo agus beidh anailís ann ar na buntáistí agus rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le teorainn táillí a chur ar sholáthróirí cúram leanaí.

Tá sé i gceist go gcaithfidh gach seirbhís atá ag glacadh páirt sa scéim a gcuid táillí a fhoilsiú go soiléir sa chaoi agus gur féidir le tuismitheoirí comparáid a dhéanamh idir seirbhísí agus feiceáil cén íocaíocht a bheidh le déanamh acu nuair atá an fóirdheontas Stát curtha san áireamh.

10. Cén chaoi gur féidir liom cur isteach ar fhóirdheontas tríd an scéim seo?
Tá maoiniú curtha go leataobh i mBuiséad 2017 chun córas iarratais ar líne a fhorbairt chun go mbeidh tuismitheoirí in ann iarratas ar fhóirdheontais a dhéanamh ar líne. Tá sé i gceist go mbeidh iarratais don scéim nua ceadaithe ó Mheán Fhómhair 2017.

11. Cén aois páiste is óige agus is sine a bheidh clúdaithe ag an scéim?
Tá sé i gceist go mbeidh an scéim ar fáil do pháistí ó 6 mhí suas go 15 bliain d'aois.

Íocfar an fóirdheontas uilíoch do pháistí ó 6 mhí go 36 mí d'aois (nó go dtí go gcáilíonn an páiste don chlár luathoideachais saor in aisce más níos déanaí ná 36 mí).

12. An mbeidh an leibhéal fóirdheontais ag braith ar ollioncam nó glan ioncam an teaghlaigh?
I gcás na bhfóirdheontais spriocdhírithe, beidh an leibhéal fóirdheontais ag brath ar ioncam glan an teaghlaigh i.e. an t-ioncam tar éis asbhaintí cáin ioncaim, MSU, ÁSPC agus ranníocaíochtaí pinsin agus asbhaintí ceadaithe eile.

13. Cén cineál seirbhísí cúraim leanaí a bheidh san áireamh sa scéim?
Beidh an scéim oscailte do gach soláthróir cúraim leanaí atá **cláraithe le Tusla**, beidh ionaid cúram leanaí (e.g. naíolanna, réamhscoileanna agus ionaid cúram lae) agus feighlithe linbh san áireamh. Tá súil go spreagfar agus go dtacófar le níos mó feighlithe linbh a bheith cláraithe agus páirt a ghlacadh sa scéim nua thar am. Faoi láthair níl ach céatadán beag d'fheighlithe linbh cláraithe.

14. An mbeidh spásanna cúram leanaí fóirdheonaithe ar fáil i ngach ceard den tír?
Is scéim náisiúnta é seo agus tá sé oscailte do gach soláthróir cúram leanaí atá cláraithe le Tusla. Tá rannpháirtíocht do sholáthróirí cúram leanaí sa scéim deonach agus tá an rogha soláthróir ag an tuismitheoir, de réir an tsoláthróra a bheith ag glacadh páirt sa scéim. Beidh na Coistí Cúram Leanaí Contae agus Cathrach ábalta cabhrú le tuismitheoirí soláthróirí cúram leanaí atá ag glacadh páirt sa scéim a fháil. Táthar ag súil go gcláróidh an 900 seirbhís pobail/neamhbhrabúis atá ann faoi láthair don scéim chomh maith le céatadán ard de sholáthróirí príobháideacha.

15. Cén fáth go bhfuil muid ag cur fóirdheontas uilíoch ar fáil do pháistí idir 6 mhí agus 36 mí d'aois?
Tá Clár an Rialtais tiomanta do "mhúnla láidir do chúram leanaí d'ardchaighdeán fóirdheonaithe a thabhairt isteach do pháistí idir 9-36 mí d'aois". Faoi láthair, íoctar saoire máithreachais ar feadh 26 seachtain nó thart ar sé mhí, cé go bhfuil Clár an Rialtais tiomanta do shaoire tuistí íoctha a mhéadú sa chéad bhliain do shaol an pháiste. Ag dul leis an teidlíocht saoire atá faoi láthair, beidh an fóirdheontas uilíoch ar fáil ó sé mhí d'aois. Aithníonn an cur chuige seo gur féidir le costas cúram leanaí go leor tuismitheoirí a chur amach as an margadh saothair nuair a chríochnaíonn saoire íoctha.

Is fiú tabhairt faoi deara go mbíonn costas cúram leanaí ag an leibhéal is airde nuair a bhíonn páistí faoi 3 bliana d'aois. Tá sé seo de bharr na n-uaireanta cúraim a bhíonn ag teastáil (i.e. níos faide ná cúram iarscoile) agus an costas a bhaineann le cúram caighdeánach a chur ar fáil do pháistí an-óg. Tá sé léirithe i dtuairiscí le gairid go bhfuil an costas agus ceisteanna inbhuanaitheacht ag cur isteach ar an líon áiteanna cúram leanaí atá ar fáil do pháistí faoi 3 bliana. Tá an Rialtas tiomanta fóirdheontas uilíoch a chur ar fáil don aoisghrúpa seo, chomh maith le rátaí fóirdheontais spriocdhírithe níos airde, ag díriú isteach ar na ceisteanna seo.

16. Cé na buntáistí a bhaineann leis an scéim nua?

Tabharfaidh an scéim nua roinnt buntáistí. Ina measc seo beidh:

- ✓ Laghdú ar bhochtaineacht leanaí.
- ✓ Inacmhainneacht a mhéadú, trí fhóirdheontais uilíoch agus spriocdhírithe do thuismitheoirí i leith a gcostais cúram leanaí.
- ✓ A bheith níos éasca le n-úsáid ná na scéimeanna atá ann faoi láthair do thuismitheoirí agus do sholáthróirí cúram leanaí, agus ag tabhairt deis iarratais ar fhóirdheontais a dhéanamh ar líne.
- ✓ Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a spreagadh, tríd an bhfócas a bhíodh ar fhóirdheontais cúram leanaí a nascadh le h-incháilitheacht d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus cárta leighis a athrú go h-ioncam.
- ✓ Rogha tuismitheoirí a éascú agus feabhas a chur ar rochtain chuig cúram leanaí inacmhainne trína bheith oscailte do gach soláthróir cúram leanaí atá cláraithe le Tusla, feighlithe linbh ina measc.
- ✓ Bunús solúbtha a chur ar fáil chun infheistíocht leanúnach a dhéanamh i gcúram leanaí sna blianta amach romhainn chun inacmhainneacht a láidriú tuilleadh, agus ag an am céanna ag cruthú bunús chun feabhas caighdeánach a chur ar sheirbhísí cúram leanaí.

17. Cé mhéad páiste a bhainfidh leas as an scéim nua?

In 2017, táthar ag súil go mbainfidh 79,000 páiste leas as. Tá an 25,000 páiste a bhainfidh leas as an bhfóirdheontas uilíoch san áireamh anseo freisin. Bainfidh 54,000 páiste leas as na fóirdheontais spriocdhírithe, agus 31,500 a fhaigheann tacaíocht faoi na scéimeanna spriocdhírithe faoi láthair agus 22,500 tairbhithe nua.

Braithfear go mbeidh an líon páistí a bheidh ag baint leas ag méadú arís in 2018 de réir mar a ardaíonn an t-éileamh don scéim, go 64,000 tairbhí spriocdhírithe agus 26,000 tairbhí uilíoch, i.e. **90,000** páiste ar fad ag fáil tacaíocht faoin scéim nua (ceapfar go mbainfidh 127,000 páiste leas as an scéim ECCE in 2017).

.

18. An bhfuil an fóirdheontas uilíoch ar fáil do thuismitheoirí a fhanann sa mbaile?

Tá. Tá an fóirdheontas uilíoch ar fáil d'aon theaghlach atá ag baint úsáid as seirbhísí cúram leanaí atá cláraithe le Tusla beag beann ar a n-ioncam nó a stádas oibre fad agus atá an páiste laistigh an aois réimse atá i gceist.

19. An dtugann an ghné spriocdhírithe den scéim aon tacaíocht do thuismitheoirí a fhanann sa mbaile?

Tugann, sa chás agus go gcáilíonn tuismitheoir ar bhun ioncaim ach nach dteastaíonn cúram leanaí do chúrsaí oibre nó staidéir, is féidir leo fóirdheontas spriocdhírithe suas go 15 uair a chloig cúram leanaí in aghaidh na seachtaine a fháil. Tá am a chaitear sa scoil nó sa naíonra san áireamh sna huaireanta sin. Mar sin, is féidir le tuismitheoirí a fhanann sa mbaile leas a bhaint as an bhfóirdheontas má tá a bpáiste faoi 3 bliana d'aois (i.e. nach bhfuil siad ag úsáid an chlár réamhscoile saor in aisce fós) nó i rith tréimhsí saoire scoile nuair nach bhfuil a bpáiste ar scoil nó sa naíonra.

Cás-staidéir (tá siad ar fad bunaithe ar ghnáth tháillí measta de €4.50 san uair)

A. Tuismitheoir aonair ar ghlan ioncam bliantúil de €22,700, le páiste amháin 2 bhliain d'aois agus 40 uair a chloig sa tseachtain cúram leanaí ag teastáil.

Faoi na scéimeanna spriocdhírithe atá ann faoi láthair, d'fhéadfadh go gcáileodh an teaghlach d'fhóirdheontas €95 sa tseachtain agus go mbeadh comh-íocaíocht de €85 sa tseachtain le déanamh ag an teaghlach.

Faoin scéim nua, cáileoidh an teaghlach d'fhóirdheontas seachtainiúil de €175 agus d'fhéadfadh go mbeadh comh-íocaíocht de €4 le déanamh acu féin.

B. Teaghlach le glan ioncam bliantúil de €25,000, le dhá pháiste aois 1 agus 2.5 bliain agus 25 uair cúram leanaí sa tseachtain ag teastáil uathu.

Faoi na scéimeanna spriocdhírithe atá ann faoi láthair, d'fhéadfadh go gcáileodh an teaghlach seo d'fhóirdheontas de €47.50 sa tseachtain do gach páiste, ag tabhairt €95 san iomlán, le comh-íocaíocht de €130 sa tseachtain.

Faoi scéim nua, cháileodh an teaghlach seo d'fóirdheontas seachtainiúil de €219 agus d'fhéadfadh go mbeadh comh-íocaíocht de €6 le déanamh acu féin.

C. Teaghlach le glan ioncam bliantúil de €35,000, le dhá pháiste aois 1 agus 2.5 bliain agus 25 uair cúram leanaí sa tseachtain ag teastáil uathu.

Faoi na scéimeanna spriocdhírithe atá ann faoi láthair, d'fhéadfadh go gcáileodh an teaghlach seo d'fhóirdheontas €25 sa tseachtain do gach páiste, ag tabhairt €50 san iomlán, le comh-íocaíocht de €175 sa tseachtain.

Faoi scéim nua, cháileodh an teaghlach seo d'fhóirdheontas seachtainiúil de €157 agus d'fhéadfadh go mbeadh comh-íocaíocht de €68 sa tseachtain.

D. Teaghlach le glan ioncam bliantúil de €47,500, le dhá pháiste aois 2 bhliain (40 uair cúram leanaí sa tseachtain) agus 5 bhliana (17 uair cúram iarscoile sa tseachtain)

Faoi na scéimeanna atá ann faoi láthair, ní dóigh go mbeadh an teaghlach seo ag fáil aon fhóirdheontas agus go mbeadh orthu an táille iomlán de €256 sa tseachtain a íoc.

Faoin scéim nua, cháileodh an teaghlach seo d'fhóirdheontas seachtainiúil de €54 agus bheadh comh-íocaíocht de €202 le déanamh acu féin.